Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**5367/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0352(NLE)**

**ESPACE 8**
**EEE 4**
**RECH 15**
**COMPET 46**
**IND 25**
**EU-GNSS 4**
**TRANS 16**
**AVIATION 7**
**MAR 6**
**TELECOM 15**
**MI 37**
**CSC 43**
**CSCGNSS 4**
**CSDP/PSDC 33**
**AELE 5**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán |

**CINNEADH …/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích, an Chomhaontaithe
idir an tAontas Eorpach
agus Ríocht na hIorua,
lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua
i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais
agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán,
agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 189, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

---

[1] Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) …/… [2] ón gComhairle, an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán ('an Comhaontú'), síníodh é an …[++], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Ó thaobh na geopholaitíochta de, le rannpháirtíocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus le rochtain na hIorua ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán, rannchuideofar le ról na hEorpa mar ghníomhaí domhanda a neartú agus cuirfear an comhar idirnáisiúnta chun cinn mar a shainmhínítear sa Straitéis Spáis don Eoraip. Le Comhaontú leis an Iorua, neartófar seasamh straitéiseach an Aontais, ar cuspóir é de chuid Straitéis Spáis an Aontais Eorpaigh um Shlándáil agus Cosaint.

---

[2] Cinneadh (AE) … /… ón gComhairle an … maidir le síniú, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán (IO L , …, ELI: …).

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 5369/26 agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Chinnidh sin san fhonóta.

[++] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, dáta sínithe an Chomhaontaithe i ndoiciméad ST 5371/26.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo, an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán[3][*].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[3] Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in … [*cuir isteach tagairt IO*].
[*] Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.